*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Naíscoil an Lóiste Úir/Naíscoil Mhic Reachtin
# Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta:  Feabhra 2010

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL AN LÓISTE ÚIR/NAÍSCOIL MHIC REACHTAIN, BÉAL FEIRSTE, BT14 6BP (1BB-0428)**

Aibhsíodh sa chigireacht a rinneadh i mí na Bealtaine 2008 buanna in éiteas agus i scil na foirne maidir le cur chun cinn teanga agus foghlama. Sainaithníodh le linn na cigireachta go raibh gá le feabhsúchán sna heochair-réimsí seo a leanas:

- modhanna pleanála agus measúnaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais uile na bpáistí;

- scileanna na foirne chun páistí a shainaithint a bhfuil riachtanais bhreise acu agus bheith ag tacú leis na páistí sin; agus

- ceannasaíocht agus bainisteoireacht a fhorbairt chun feabhsúchán marthanach a chur i bhfeidhm.

**San idirthréimhse ó rinneadh an chigireacht, tá na gníomhartha seo a leanas i ndiaidh tarlú, rud a d'imir tionchar ar obair na naíscoile:**

- athraíodh ainm an ionaid ó Naíscoil an Lóiste Úir go Naíscoil Mhic Reachtain;

- tharla roinnt athruithe ó thaobh na ceannaireachta, na gcúntóirí agus na tacaíochta ón speisialtóra luath-óige (EYS) de, lena n-áirítear an dara ceannaire nua a ceapadh agus a thosaigh sa phost i Lúnasa 2009 agus an dara EYS nua a thosaigh sa phost i mí Feabhra 2008;

- cuireadh coiste úr bainistíochta ar bun agus rinneadh struchtúr na bainistíochta a shainiú níos soiléire; agus

- ní bhaineann páistí na naíscoile úsáid níos mó as an limistéar garraí atá taobh thiar d'fhoirgneamh an 174 Trust.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) dhá chuairt mhonatóireachta agus cigireacht leantach ar 10 Feabhra 2010. Léirigh na cuairteanna seo go bhfuil tionchar diúltach á imirt ag an ráta ard athrúcháin foirne ar chur i gcrích feabhsúchán marthanach maidir le caighdeán an tsoláthair laistigh den ionad réamhscoile seo.

Bhí caighdeán maith ag baint leis an phlean gníomhaíochta a chuir an scoil le chéile mar fhreagra ar thorthaí na cigireachta. Tá dhá phlean forbartha ag an naíscoil faoi láthair chun obair an choiste agus na foirne a threorú. Ba cheart iad seo a chomhtháthú lena chéile chun forbhreathnú níos soiléire a sholáthar ar an dóigh a bhfuil na hacmhainní agus an fhís straitéiseach don naíscoil ceangailte le feabhsúcháin ar chaighdeán an tsoláthair do na páistí.

**Seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a cuireadh i gcrích ó rinneadh an bhunchigireacht:**

- is rólchuspa maith í an ceannaire nuacheaptha i dtaca lena cuid idirghníomhaithe leis na páistí chun teanga agus foghlaim a chur chun cinn agus tugann sí ceannasaíocht éifeachtach laistigh den seomra súgartha;

- táthar i ndiaidh eispéiris súgartha na bpáistí a fheabhsú ó tugadh isteach earraí barántúla ar na mallaibh chuig na limistéir súgartha;

- tá an fhoireann ag tosú a fhorbairt roinnt nasc úsáideach le tuismitheoirí, leis an phobal áitiúil agus le háisíneachtaí ábhartha;

- sainaithnítear na spriocanna foghlama níos soiléire sa phleanáil agus táthar ag tosú a chur riachtanais agus spéiseanna aonair na bpáistí san áireamh;

- tá páistí le riachtanais bhreise á sainaithint níos soiléire agus tá iarrachtaí maithe á ndéanamh chun tacaíocht iomchuí a thabhairt dóibh; agus

- tá an EYS ag tabhairt tacaíocht agus treoir mhaith don fhoireann.

**Tá feabhsúchán breise de dhíth sna réimsí seo a leanas:**

- ní mór don fhoireann leanúint leis an phleanáil agus leis an bhreathnóireacht chun dul chun cinn a chinntiú maidir le foghlaim na bpáistí agus comhsheasmhacht an chleachtais i measc na foirne;

- ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach an scoil-lae chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir súgradh féinroghnaithe agus féintionscanta agus gníomhaíochtaí grúpa; agus

- ní mór don choiste bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar agus tacú le leanúnachas, le comhsheasmhacht agus le héifeachtúlacht na foirne.

I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an Naíscoil sásúil i gcónaí; is mó na buanna ná na réimsí a bhfuil feabhsúchán de dhíth iontu sa soláthar.  Tá roinnt fianaise ar fheabhsúchán léirithe ag an Naíscoil ach tá réimsí suntasacha ann a bhfuil feabhsúchán de dhíth iontu, san fhoghlaim agus teagasc agus sa cheannasaíocht agus bainisteoireacht, agus is gá go fóill díriú orthu seo má táthar le freastal go héifeachtach ar riachtanais na bpáistí uile.

Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na Naíscoile maidir le tabhairt faoi na réimsí ina bhfuil gá go fóill le feabhsúchán.

**AGUISÍN**

**SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT**

- Ní mór breisfhorbairt a dhéanamh ar an limistéar taobh amuigh chun timpeallacht foghlama a sholáthar atá níos saibhre agus níos fóirsteanaí do pháistí óga agus is gá gach acmhainn tacaíochta a dhéanamh sábháilte, a ghlanadh agus a chur i dtaisce nuair nach bhfuil siad in úsáid. Níl an sconsa imlíne daingean.

- Ní mór go mbeadh na nósanna imeachta tréadchúraim agus cosanta páistí níos soiléire, níos comhsheasmhaí agus ní mór iad a roinnt le tuismitheoirí.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk